

# RANNÍOCAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE SHLIGIGH LEIS AN SCÉIM DEONTAIS EALAÍON 2018

## Ionaid agus Eagraíochtaí Ealaíon

Is é cuspóir na Scéime chun tacú leis an earnáil ghairmiúil ealaíon i Sligeach chun ról ar leith a chomhlíonadh chun timpeallacht bheoga agus inmharthana ealaíon a fhorbairt ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhar le Comhairle Contae Shligigh.

Ba cheart go gcuirfeadh clár bliantúil imeachtaí agus gníomhaíochtaí smaointe nua agus bealaí nua oibre i láthair a imríonn tionchar mór ar ealaíontóirí agus an lucht féachana.

## Féilte agus Imeachtaí Ealaíon

Is é Cuspóir na Scéime chun tacú le Féilte agus Imeachtaí a chuireann rannpháirtíocht phoiblí leis na healaíona chun cinn, agus é sin mar chroí-aidhm acu.

Féadfaidh foirm ealaíne amháin a bheith i gceist le féile nó féadfaidh réimse leathan d'fhoirmeacha éagsúla ealaíne a bheith i gceist léi. Chomh maith leis sin, féadtar féilte nó imeachtaí a eagrú i gcaitheamh roinnt míonna (e.g. sraith ceolchoirmeacha).

Aithníonn Comhairle Contae Shligigh an méid luachmhar a chuireann coistí gníomhacha deonacha le féilte agus imeachtaí a fhorbairt agus a inbhuanú.

## Tá an méid a leanas incháilithe le haghaidh cistiú:

- Táillí Ealaíontóirí (áirítear leis seo táillí léiriúcháin/taibhithe)
- Forbairt an lucht féachana (gníomhaíocht faoina dtugtar chun cabhrú le heagraíochtaí chun caidreamh leanúnach a fhorbairt le lucht féachana reatha agus nua)
- Costais agus Speansais Taistil ealaíontóirí/taibheoirí

## Eagraíochtaí, Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí atá neamh-incháilithe le haghaidh cistiú:

- Eagraíochtaí tráchtála a roinneann brabús i measc comhaltaí.
- Imeachtaí iomaíocha, e.g. sa chás gurb é iomaíocht príomhghné an chláir, seachas i gcás Feis Ceoil agus Feis Shligigh, Fleadh Chontae Shligigh agus the Fiddler of Dooney.
- Comhdhála/siompóisiamáí acadúla aonuaire nach mbaineann an pobal níos fairsinge aon tairbhe astu
- Imeachtaí carthanais/tiomsaithe airgid
- Féilte nó imeachtaí a thit amach roimh an spriocdháta féin don iarratas
- Imeachtaí nach mbaineann leis na healaíona (e.g. aonaigh oidhreacht, thráchtála, cheardaíochta, spóirt agus bhia)
- Tionscadail, taispeántais, taibhithe etc. de chuid ealaíontóirí aonair
- Tionscadail, taispeántais, taibhithe etc. de chuid ghrúpealaíontóirí
- Gníomhaíochtaí a thiteann amach i suíomh foirmiúil oideachais sa chás nach ndéanann an ghníomhaíocht idirchaidreamh príomha leis an bpobal i gcoitinne
- Cláir oiliúna le haghaidh daoine aonair
- Margaíocht agus Poiblíocht
- Macasamhlú gníomhaíochtaí faoina dtugann Comhairle Contae Shligigh

## NÍ FÉIDIR IARRATAIS DÉANACH A BHREITHNIÚ FAOI IMTHOSCA AR BITH

### Achomhairc

- Ní sholáthrófar aiseolas ach ar iarraidh sin i scríbhinn. Caithfear iarrataí ar aiseolas agus ar achomhairc a dhéanamh i scríbhinn tráth nach déanaí ná 14 lá i ndiaidh tairiscint a fháil nó i ndiaidh go ndiúltaítear an t-iarratas. Déileálfar le hachomhairc laistigh de dhá mhí.